Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**11026/25**

**POLMIL 189**
**INDEF 69**
**CFSP/PESC 1055**
**CSDP/PSDC 430**
**COPS 332**
**EUMC 258**
**IND 241**
**COMPET 669**
**RECH 310**
**ECOFIN 920**
**MI 494**
**EMPL 342**
**EDUC 309**
**CADREFIN 75**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 299 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>An Ciste Eorpach Cosanta: ag tacú le forbairt le cumais chosanta an lae amárach<br>Meastóireacht eatramhach an Chiste Eorpaigh Cosanta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 299 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 299 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2025
COM(2025) 299 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**An Ciste Eorpach Cosanta: ag tacú le forbairt le cumais chosanta an lae amárach**
**Meastóireacht eatramhach an Chiste Eorpaigh Cosanta**

{SEC(2025) 169 final} - {SWD(2025) 151 final}

**RÉAMHRÁ**

Is réamhriachtanas ríthábhachtach é Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) atá láidir, iomaíoch agus nuálach a bheith ann chun ullmhacht cosanta a bhaint amach. Tráth tionscanta an Chiste Eorpaigh Cosanta, bhí bearnaí criticiúla cumais ann i bhfórsaí armtha na mBallstát mar gheall ar chlár cistiúcháin T&F cosanta an Aontais Eorpaigh do 2021-2027[1], tar éis blianta fada de chiorruithe ar chaiteachas cosanta, agus costas méadaitheach ar T&F cosanta agus ar threalamh cosanta, chomh maith le hilroinnt na margaí ann agus easpa comhair, agus tá gá le teicneolaíochtaí nua agus réitigh nuálacha i gcás go leor de na fórsaí armtha sna Ballstáit.

Tá méadú ag teacht ar bhagairtí slándála ó seoladh an ciste, tá cogaíocht ard-déine san Eoraip agus teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid, mar aon le hathruithe tapa teicneolaíochta, agus rinne sin ar fad na fadhbanna arb é is aidhm don Chiste dul i ngleic leo a ghéarú agus a thabhairt chun solais go soiléir. Dá bhrí sin, tá taighde agus forbairt (T&F) chomhoibríoch i réimse na cosanta ina phríomhspreagadh chun leas iomlán a bhaint as Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Ina theannta sin, glactar leis go forleathan nach bhfuil sé d’acmhainn ach ag fíorbheagán Ballstát den Aontas Eorpach na córais chosanta is casta a fhorbairt astu féin, agus nach féidir le haon tír é sin a dhéanamh ar fud na réimsí uile, rud a éilíonn gníomhaíocht chomhordaithe ar an leibhéal Eorpach.

Is é an Ciste Eorpach Cosanta freagra an Aontais Eorpaigh ar an nglao sin agus is mórathrú é ar an gcaoi a dtacaíonn an tAontas Eorpach le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Agus buiséad EUR 7,3 billiún aige, tá sé d’aidhm aige iomaíochas, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta na hEorpa a chothú trí thacú le comhar comhoibríoch agus trasteorann T&F ar fud an Aontais Eorpaigh.

Agus EUR 5.4 billiún geallta cheana féin do T&F cosanta agus 162 thionscadal ar siúl, tá an Ciste Eorpach Cosanta anois ar cheann de na cláir T&F cosanta is mó san Eoraip. Mheall an ciste na gníomhaithe T&F cosanta is fearr, chomh maith le go leor cuideachtaí neamhthraidisiúnta agus meastar gur tionchar ar mhórscála an tionchar a bheidh aige. Tá an Ciste Eorpach Cosanta ‘úsáideoir-lárnach’, bunaithe ar riachtanais fhórsaí armtha na mBallstát agus na hIorua. Tá coinne leis go bhforbrófar teicneolaíochtaí agus cumais den chéad ghlúin eile i ngach réimse míleata – san aer, ar an talamh, sa chabhlach, sa spás, sa chibearspás – agus tacaíocht ón gCiste Eorpach Cosanta acu, nó ní rachadh go leor acu ar aghaidh gan an tacaíocht sin. Tá luach soiléir ar airgead á sholáthar ag an gCiste Eorpach Cosanta freisin do gheilleagar an Aontais, lena n-áirítear le hiarmhairtí ar fheidhmeanna sibhialtacha.

Deimhnítear ábharthacht mhéadaitheach an Chiste Eorpaigh Cosanta mar gheall ar a tharraingteacht mhéadaitheach don tionscal. Tá méadú leanúnach tagtha ar na tograí a cuireadh isteach faoi ghlaonna ar thograí an Chiste Eorpaigh Cosanta. Ag tosú amach in 2021 agus 140 togra aige, agus buiséad bliantúil cobhsaí, mheall na glaonna is déanaí (2024) ar thograí beagnach 300 togra – méadú 25 % sa bhreis ar an méadú suntasach 78 % in 2023. Cuirtear tábhacht an chiste i dtreis freisin leis an éagsúlacht ranníocaíochtaí ó na páirtithe leasmhara a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin le linn mheastóireacht eatramhach an Chiste Eorpaigh Cosanta. Chuir 330 eintiteas ionchur ar fáil i bhfoirm thart ar 100 freagra ar an gceistneoir, níos mó ná 30 páipéar seasaimh agus le linn cruinnithe agus ceardlanna tiomnaithe. I measc na bpáirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo bhí cuid

[1] Cuireann an Ciste Eorpach Cosanta le dhá chlár réamhtheachtacha, atá teoranta ó thaobh ama agus buiséid de, an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta agus an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta.

ionadaíoch de Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara eile.

Le linn na chéad bhlianta, ba ghníomh cothromaíochta é cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta arbh é ab aidhm dó dhá chuspóir a bhaint amach, ar cuspóirí iad atá éagsúil le chéile uaireanta. Ar thaobh amháin, bearnaí criticiúla cumais a dhúnadh trí thacú le forbairt na chéad ghlúine eile de theicneolaíochtaí agus cumais chosanta, agus na Ballstáit ar thús cadhnaíochta maidir le tosaíochtaí a leagan síos. Ar an taobh eile, dlús a chur le claochlú na cosanta tríd an nuálaíocht, tríd an gcuimsitheacht, agus trí ghníomhaithe cosanta nua agus neamhthraidisiúnta a mhealladh. Mar bhonn agus thaca ag an dá cheann acu tá an cuspóir ginearálta maidir le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a dhíbhloghadh, comhar a spreagadh agus toradh socheacnamaíoch a áirithiú.

## 1. AGHAIDH A THABHAIRT AR BHLOGHADH AGUS BORRADH A CHUR FAOIN gCOMHAR

Tá ról tábhachtach ag an gCiste Eorpach Cosanta cheana féin maidir le **borradh a chur faoi chaiteachas comhoibríoch ar T&F cosanta san Aontas Eorpach**. Ó mhí an Mhárta 2025 ar aghaidh, ghlac an Coimisiún cúig chlár oibre bhliantúla an Chiste Eorpaigh Cosanta, lenar gealladh EUR 5.4 billiún san iomlán le haghaidh T&F cosanta. Fágann sé sin go bhfuil an Ciste Eorpach Cosanta ar cheann de na 3 infheisteoir T&F cosanta is mó san Aontas Eorpach[2]. Áirítear san infheistíocht sin thart ar leath den taighde comhoibríoch cosanta iomlán san Aontas Eorpach. Ar an leibhéal náisiúnta, cé gurb iad eintitis dhlítheanacha ó Bhallstáit a bhfuil tionscail mhóra sheanbhunaithe cosanta acu na tairbhithe is mó de chistiú an Chiste Eorpaigh Cosanta, léiríonn comparáid leis na sonraí is déanaí ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) maidir le cistiú náisiúnta T&F[3] **éifeacht an-dearfach do gach tír**, lena n-áirítear do Bhallstáit mheánmhéide agus bheaga a bhfuil tionscal cosanta traidisiúnta teoranta acu. Ina chéad bhliain oibríochta[4], chuir an Ciste Eorpach Cosanta cistiú ar fáil cheana féin atá comhchosúil nó níos airde, i gcásanna áirithe, i bhfad níos airde, don chaiteachas iomlán náisiúnta ar T&F i réimse na cosanta le haghaidh 15 Bhallstát[5].

Trína dhreasachtaí, chothaigh an Ciste Eorpach Cosanta **comhar T&F cosanta trasteorann nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo** ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé comhthuiscint agus cultúr comhroinnte chun cinn i measc na n-eintiteas lena mbaineann, rud a chuidíonn le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a dhíbhloghadh. Tá 1,366 rannpháirtí uathúla[6] ó 26 Bhallstát[7] agus ón Iorua páirteach sa 162 thionscadal de chuid an Chiste Eorpaigh Cosanta. Áirítear leis sin dáileadh geografach leathan eintiteas lena mbaineann, agus ó réigiúin nach bhfuil tionscal na cosanta suntasach iontu go traidisiúnta. Cé go n-éilíonn an Ciste Eorpach Cosanta comhar ó thrí eintiteas dhlíthiúla éagsúla ar a laghad ó thrí Bhallstát/ón Iorua ar a laghad, ar an meán tá 19 rannpháirtí ó ocht dtír i dtionscadal an Chiste Eorpaigh Cosanta. Ar an iomlán, tá sé cruthaithe go bhfuil an Ciste Eorpach Cosanta luachmhar mar chreat chun comhpháirtithe nua a aimsiú, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus fiontair mheánchaipitlithe, chomh maith le comhar leanúnach a leathnú.

[2] In éineacht leis na hinfheistíochtaí cosanta náisiúnta T&F sa Fhrainc agus sa Ghearmáin

[3] Príomhthorthaí agus Anailís ar Shonraí Cosanta na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint 2020-2021.

[4] Is do 2021 atá na sonraí is déanaí atá ar fáil go poiblí le haghaidh caiteachas náisiúnta T&F

[5] BE, BG, CY, EE, EL, ES, HR, HU, IE, IT, LT, LU, LV, PT, SI

[6] Tairbhithe, eintitis chleamhnaithe agus fochonraitheoirí ó mhí Feabhra 2025 ar aghaidh. AS DEFIS, an Coimisiún Eorpach.

[7] Na Ballstáit uile den Aontas Eorpach seachas Málta

Lasmuigh den tionscal cosanta traidisiúnta, léiríodh gur ionstraim tharraingteach é an Ciste Eorpach Cosanta freisin do FBManna, d'fhiontair mheánchaipitlithe agus d'eagraíochtaí taighde Eorpacha. Tá ról méadaitheach ag FBManna go háirithe mar sholáthraithe solúbtha teicneolaíochtaí suaiteacha agus nuálaíochta in earnáil na cosanta. A bhuí leis na hiarrachtaí spriocdhírithe chun FBManna agus nuálaithe a chomhtháthú sa Chiste Eorpach Cosanta (lena n-áirítear trí thacaíocht thar dheontais chun tacú lena bhfás gnó agus lena n-aibíocht theicneolaíoch smaointe nuálacha), tá FBManna **rannpháirteach go mór i dtionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta, arb ionann iad agus 43 % de na rannpháirtithe uathúla** sa Chiste Eorpach Cosanta agus **a fhaigheann** thart ar 20 % de chistiú an Aontais[8]. Tá níos mó ná 50 % de na rannpháirtíochtaí i 6 Bhallstát den Aontas Eorpach[9]. Is fiontair mheánchaipitlithe iad 4 % de na rannpháirtithe uathúla, agus faigheann siad thart ar 6 % den chistiú. Cé go mbaineann FBManna tairbhe as bearta tacaíochta tiomnaithe, tagann an sciar ollmhór de rannpháirtíocht FBManna faoi na hábhair théamacha, rud a áirithíonn rannpháirtíocht láidir ar fud an chláir iomláin. Tá **méadú seasta ag teacht ar líon na n-iarratasóirí ar FBManna iad gach bliain**. Sna glaonna is déanaí ar thograí – 2024 – chonacthas méadú 28 % ar an líon tograí a chuir FBManna agus eagraíochtaí taighde isteach i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Trí chomhar níos dlúithe a chumasú idir príomhaithe, FBManna agus eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, idir cuideachtaí cosanta agus cuideachtaí sibhialtacha a fhorbraíonn teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht chosanta agus dé-úsáide acu agus trí chomhar a leathnú laistigh de shlabhraí soláthair cosanta, tá ról tábhachtach ag an **gCiste Eorpach Cosanta chun nach mbeidh tionscal cosanta na hEorpa chomh hilroinnte sin**.

## 2. BEARNAÍ CRITICIÚLA CUMAIS A DHÚNADH: TEICNEOLAÍOCHTAÍ AGUS CUMAIS CHOSANTA DEN CHÉAD GHLÚIN EILE A FHORBAIRT

Cé gur clár réasúnta óg fós é an Ciste Eorpach Cosanta (níl aon cheann de thionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta tugtha chun críche go fóill), **tá a ábharthacht d'fhórsaí armtha na mBallstát léirithe cheana féin ina ról maidir le teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta nua a fhorbairt** lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí criticiúla i ngach réimse cumais. Tugann glacadh le torthaí thionscadail réamhtheachtaithe an Chiste Eorpaigh Cosanta ag fórsaí armtha na mBallstát léiriú láidir ar a acmhainneacht.

### Príomhchumais chosanta na chéad ghlúine eile a fhorbairt

Tá pleanáil agus clársceidealú an Chiste Eorpaigh Cosanta 'úsáideoir-lárnach', bunaithe go díreach ar riachtanais agus ar ionchur ó na Ballstáit agus ón Iorua. Áirithítear leis, dá bhrí sin**, ardleibhéal comhleanúnachais idir na tosaíochtaí forbartha cumais cosanta** mar a shainaithnítear iad faoi chuimsiú an Phlean Forbartha Cumais, na réimsí ina bhféadfaí comhar a dhéanamh faoin Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD), cineálacha eile comhair (buanchomhar struchtúrtha (PESCO), tionscadail Chatagóir B de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC), agus i gcás inarb ábhartha i gcomhthéacs Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT)) agus **réimsí na tacaíochta ón gCiste Eorpach Cosanta**.

Leis an gCiste Eorpach Cosanta, dreasaítear Ballstáit den Aontas Eorpach agus an Iorua chun comhoibriú chun teicneolaíochtaí, táirgí agus cumais chosanta den chéad ghlúin eile a

---

8 FBManna féindearbhaithe. AS DEFIS, an Coimisiún Eorpach. Sonraí ó thionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta 2021-2023 a asbhaineadh i mí Feabhra 2025

9 Tá an leibhéal is airde in CY, EE, IE, LT, LU agus EL

fhorbairt, ar teicneolaíochtaí, táirgí agus cumais iad a d'fhéadfadh a bheith deacair nó dodhéanta fiú a bhaint amach ag tír aonair. I bhfianaise scála na tacaíochta ón gCiste Eorpach Cosanta i mórthionscadail T&F cosanta (e.g. Coirbhéad Patróil Eorpach, Córas Eorpach Aerárthaí Cianrialaithe Meánairde Fad-Aga – MALE RPAS Eorpach (Eurodrone)), atá níos mó ná caiteachas bliantúil iomlán T&F fhormhór thíortha an Aontais Eorpaigh, **tá sé beagnach dodhéanta do thír aonair roinnt tionscadal de chuid an Chiste Eorpaigh Cosanta a fhorbairt an tráth céanna**. Ar an gcaoi chéanna, tá costais arda agus dúshláin theicniúla chasta ag baint le tionscadail idircheapóra ion-atmaisféaracha *HYDEF AE* agus *HYDIS*[2], ar deacair d'aon Bhallstát iad a bhainistiú go neamhspleách. Cuireann an Ciste Eorpach Cosanta deiseanna uathúla ar fáil freisin do Bhallstáit bheaga agus do thíortha a bhfuil tionscal cosanta teoranta acu a bheith rannpháirteach ina dtionscal náisiúnta chun mórchumais chosanta an Aontais Eorpaigh a fhorbairt. Ar an iomlán, **soláthraíonn an ciste tionchar struchtúrach dearfach a sháraíonn buiséad an Chiste Eorpaigh Cosanta féin**.

Tá coinne leis go bhforbrófar **níos mó ná 50 fréamhshamhail** le gníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh Cosanta, arb iad na bloic theicneolaíochta agus chumais iad le haghaidh cumais chosanta den chéad ghlúin eile. Mar shampla, tacaíonn an Ciste Eorpach Cosanta le fréamhshamhlacha a fhorbairt le haghaidh na gcumas agus na dteicneolaíochtaí seo a leanas:

- **An réimse aeir:** héileacaptair, dróin (meánairde fad-aga, oirbheartaíochta, comhraic), cogaíocht leictreonach, córais tiomána.
- **An réimse um chosaint aeir agus diúracán**: idircheapóirí ion-atmaisféaracha, frithdhróin, luathrabhadh diúracán spásbhunaithe.
- **Réimse na talún:** ardáin chomhraic, lámhach indíreach fadraoin, córais talún gan foireann, córais saighdiúra, fuinneamh le haghaidh campaí míleata, córais cheannais agus rialaithe.
- **Réimse cabhlaigh:** ardáin (Coirbhéad Patróil Eorpach, soithí leath-uathrialacha meánmhéide), frithbhearta mianach, cumarsáid faoi uisce, grinneall na farraige agus bonneagar criticiúil a chosaint.
- **Réimse an spáis:** Glacadóirí Seirbhíse Poiblí Rialáilte (PRS), feasacht staide an spáis, Faisnéis, Faireachas agus Taiscéalaíocht (ISR) spásbhunaithe, nó bréagshatailítí mórairde.
- **An cibir-réimse:** feasacht staide cibearshlándála, cibear-raonta, córais idir-inoibritheacha le haghaidh cibearchosanta agus oibríochtaí cogaíochta faisnéise.

Thairis sin, rannchuidíonn an **Ciste Eorpach Cosanta le huathriail straitéiseach an Aontais** trí thacú le go leor tionscadal chun teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta a fhorbairt ar a bhfuil an Eoraip ag brath go hiomlán faoi láthair ar thríú tíortha agus nach bhfuil roghanna malartacha eile de chuid an Aontais Eorpaigh ann ina leith.

**Bosca an tionscadail: Tionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta lena dtugtar aghaidh ar phríomhbhearnaí cumais agus lena rannchuidítear le huathriail straitéiseach an Aontais Eorpaigh**

a) **Cosaint in aghaidh diúracán hipearsonach**: Is tionscadail de chuid an Chiste Eorpaigh Cosanta iad HYDEF AE agus HYDIS[2] a chistítear chun cumais a fhorbairt a bhaineann le diúracáin hipearsonacha a idircheapadh. Roimhe sin, ní raibh aon chlár ann a d'fhorbair cumas criticiúil den sórt sin a theastaíonn chun an Eoraip a chosaint.

b) **EUROMALE**: Tugtar aghaidh ar easnamh cumais chriticiúil i bhfórsaí armtha na hEorpa trí dhrón Meánairde Fad-Aga (MALE) Eorpach a fhorbairt atá go hiomlán ceannasach.

c) **Luathrabhadh diúracáin spásbhunaithe:** Trí thionscadal EYE II de chuid ODIN, tacaíonn an Ciste Eorpach Cosanta le cumais atá go hiomlán ceannasach agus neamhspleách a fhorbairt atá tiomnaithe do luathrabhadh ón spás chun diúracáin bhalaistíocha agus bagairtí hipearsonacha núíosacha a bhrath agus a rianú. Ach cumas criticiúil den sórt sin a bheith ann, cuirfear deireadh leis an spleáchas atá ann faoi láthair ar thríú tíortha agus méadófar neamhspleáchas an Aontais sa spás.

d) **Lasta Oirbheartaíochta Meánmhéide Todhchaí**: Rannchuidíonn an Ciste Eorpach Cosanta le haerárthaí Lasta Oirbheartaíochta Meánmhéide Todhchaí de chuid na hEorpa den chéad ghlúin eile a mhaoiniú. Is príomhchumasóir é an acmhainn iompair mhíleata sin a bheith ann chun misin agus oibríochtaí an Aontais Eorpaigh a dhéanamh go huathrialach. Thairis sin, tá na haerárthaí oirbheartaíochta atá ann faoi láthair as dáta, agus dearadh roinnt aerárthaí den chéad uair beagnach seasca bliain ó shin.

**Maidir le hidir-inoibritheacht agus idirmhalartacht na gcóras cosanta**, tá sé d'acmhainn ag an gCiste Eorpach Cosanta feabhas a chur ar an dá rud, agus aghaidh á tabhairt ag tionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta ar chomhpháirteanna nó ar fhochórais a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do roinnt cumas amach anseo. Ina theannta sin, cé gur féidir córais deiridh a úsáideann an teicneolaíocht a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus na Ballstáit in iomaíocht lena chéile, baineann go leor teicneolaíochtaí bunúsacha tairbhe as forbairtí comhpháirteacha trí chostéifeachtúlacht agus iomaíochas ar an margadh a mhéadú.

**Aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá ag athrú**

Leis na coinbhleachtaí míleata a tharla le déanaí, tugadh suntas do 'bhealaí nua cogaíochta' agus díríodh ar veicteoirí forbartha cumais ar leith agus, an tráth céanna, cuireadh dlús leis na treochtaí atá ann cheana. Is amhlaidh atá, mar shampla, maidir le forbairt agus úsáid ardán gan foireann, cosaint aeir agus diúracán, i réimsí an spáis agus na cibearshlándála. Le cláir oibre an Chiste Eorpaigh Cosanta, tugadh aghaidh **go rathúil ar na tosaíochtaí sin atá ag teacht chun cinn agus atá ag athrú**, mar shampla trí leathnú a dhéanamh ar na réimsí a dtugtar aghaidh orthu faoin gcatagóir gníomhaíochta 'Cosaint aeir agus diúracán' mar fhreagairt ar thábhacht mhéadaitheach an réimse sin, agus faoi 'Chosaint agus soghluaisteacht an fhórsa', agus aghaidh á tabhairt ar Aeriompar Straitéiseach *le haghaidh Lasta Mórthomhais* chun aghaidh a thabhairt ar phríomhbhearna chumais ar mó an bhearna í toisc nach bhfuil flít iompair *Antonov* ar fáil.

Ina theannta sin, **tá méadú tagtha le himeacht ama ar an tábhacht a bhaineann le hábhair áirithe a raibh cistiú níos ísle acu ar dtús.** Mar shampla, tá aird níos mó tugtha ar an gcatagóir 'Cogaíocht faoi uisce' – ina bhfuil méadú ag teacht ar spleáchas ar bhonneagar faoi uisce amhail píblínte gáis nó cáblaí idirlín. Tá an t-athbheartú tosaíochta sin ag teacht le sprioc níos leithne an Chiste Eorpaigh Cosanta an nuálaíocht fhadtéarmach a chothromú le héilimh an chomhthéacs slándála atá ann faoi láthair.

Tá tús curtha ag an gCiste Eorpach Cosanta freisin le tacú le **tionscal cosanta na hÚcráine a chomhtháthú de réir a chéile** isteach i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta

Eorpaí. Cé nach féidir le heintitis na hÚcráine, faoin Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta, páirt a ghlacadh ach amháin mar chomhpháirtithe comhlachaithe i dtionscadail taighde (agus ní féidir leo cistiú an Chiste Eorpaigh Cosanta a fháil), nó mar sholáthraithe earraí, oibreacha nó seirbhísí is gá chun tionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta a chur i gcrích, cuireann bearta tacaíochta an Chiste Eorpaigh Cosanta ar chumas eintitis na hÚcráine páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nuálaíochta cosanta sonracha an Chiste Eorpaigh Cosanta cheana féin[10].

**Leanúnachas iarrachta a áirithiú**

Tá sé curtha i dtreis ag an tionscal cosanta go bhfuil sé ar cheann de phríomhthairbhí an Chiste Eorpaigh Cosanta leanúnachas iarrachta a áirithiú feadh thimthriall T&F suas go dtí glacadh an mhargaidh. Chuidigh sé sin le roinnt tionscadal cosanta a tharrtháil ó 'ghleann an bháis' toisc nach mbeadh cistiú breise faighte acu ar an leibhéal náisiúnta murach sin chun bogadh chuig an gcéim chistiúcháin chriticiúil idir forbairt táirgí agus glacadh custaiméirí agus torthaí nithiúla a bhaint amach d'fhórsaí armtha na mBallstát. Rinneadh obair leantach ar níos mó ná leath de thionscadail an Chláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta faoin gCiste Eorpach Cosanta, rud a d'áirithigh leanúnachas na dtionscadal, agus tá cistiú ag líon méadaitheach de thionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta dá gcéad chéimeanna eile freisin, de réir mar a dhéantar dul chun cinn maidir le teicneolaíocht nó forbairt cumais. Ós rud é gur leanadh de thionscadail taighde mar thionscadail forbartha, níor cheart glacadh leis gurb é sin an t-aon táscaire nó an príomhtháscaire ratha. Cuireann go leor tionscadal, go háirithe iad siúd a bhaineann le cumais mhóra chasta, le treochláir fhada teicneolaíochta nó cumais agus uaireanta ní mór roinnt ábhar leantach a bheith acu sula gcuirtear isteach sa chéim dheiridh T&F iad. Is amhlaidh atá, mar shampla, le forbairt aerárthaí lasta oirbheartaíochta meánmhéide todhchaí, nó ardteicneolaíochtaí radair, ar tugadh aghaidh ar an dá cheann acu faoi dhó i bhfuinneog taighde an Chiste Eorpaigh Cosanta.

Dúshlán ar leith ina leith sin is ea an **chothromaíocht cheart** a aimsiú idir **glaonna iomaíocha agus leanúnachas iarrachta a áirithiú trí dhámhachtainí díreacha** a luaithe a bheidh sé cruthaithe go bhfuil sé d'acmhainn ag cuibhreannais, a roghnaítear trí phróiseas iomaíoch, torthaí tráthúla a bhaint amach le linn tionscadail leanúnacha. Príomhghné bhreise is ea **tiomantas láidir ó na Ballstáit do leanúnachas T&F a áirithiú**. Lasmuigh de ranníocaíocht an Chiste Eorpaigh Cosanta, éilíonn tionscadail forbartha an Chiste Eorpaigh Cosanta maoiniú comhlántach ('cómhaoiniú') ó thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit nó ó fhoinsí eile (e.g. acmhainní dílse cuibhreannais), chun costais na dtionscadal a chumhdach go hiomlán. Is coinníoll incháilitheachta le haghaidh tionscadail forbartha é an cómhaoiniú sin a léiriú agus cuireadh ar bun é chun giaráil ranníocaíochtaí náisiúnta breise a dhreasú agus ar an gcaoi sin gealltanas na mBallstát torthaí T&F a ghlacadh a áirithiú. Leis an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an chláir, agus le tionscadail leantacha atá ag baint amach céimeanna níos airde forbartha, tá méadú tagtha ar an gcómhaoiniú is gá, i dtéarmaí an mhéid agus an sciar araon, agus luachanna an-ard ann le blianta beaga anuas. Tá **dúshláin thromchúiseacha roimh thionscadail forbartha maidir leis an gcreat comh-airgeadais iomlán a bhunú.** I gcás roinnt tionscadal, níl cómhaoiniú i bhfeidhm fós roinnt blianta tar éis tús a chur leis na tionscadail, rud a fhágann go bhfuil moill thromchúiseach ann. Maidir leis na saincheisteanna a d'fhéadfadh míniú a thabhairt ar an bpróiseas fada chun creataí cómhaoinithe a bhunú, thuairiscigh na Ballstáit go bhfuil deacracht acu teacht ar chomhaontú maidir leis na Meabhráin Tuisceana agus na cearta úsáideoirí is gá, ar réamhriachtanas iad i

[10] Trí, mar shampla, thacaíocht airgeadais do thríú páirtithe faoi ábhair glaonna sonracha, nó trí haiceatóin.

mórán cásanna chun conarthaí cómhaoinithe náisiúnta a shíniú. **Dá bhrí sin, tugtar aird i gcónaí ar an gcómhaoiniú** i dtaca le cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta.

### I dtreo torthaí tionscadal a sholáthar

Beidh rath ar an gCiste Eorpach Cosanta má fhaigheann na Ballstáit na cumais a gcuidíonn an Ciste lena bhforbairt. D'ainneoin luathchéim chur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta, tá comharthaí dearfacha ann maidir leis an acmhainneacht soláthair le haghaidh thorthaí na dtionscadal, agus roinnt soláthairtí ag teacht chun cinn cheana féin. Thug leath na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leo le linn na meastóireachta dá n-aire go raibh torthaí thionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta, an Chláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta nó an Réamhbhirt maidir le Taighde Cosanta á soláthar cheana féin ar an leibhéal náisiúnta nó gur dócha go soláthrófar iad go luath agus dúirt an chuid eile de na freagróirí go raibh sé róluath freagra cinntitheach a thabhairt.

**Bosca an tionscadail: Coirbhéad Patróil Eorpach**

Tacaíonn tionscadal an Chiste Eorpaigh Cosanta maidir le Coirbhéad Patróil Eorpach (EPC) le soitheach den aicme coirbhéid a fhorbairt a bheidh in ann raon leathan misean a dhéanamh i gcomhthéacsanna oibríochtúla muirí amach anseo. Tá ceithre Bhallstát den Aontas Eorpach (amhail ó mhí na Samhna 2024: FR, IT, ES, EL) tar éis spéis a léiriú go foirmiúil sa soláthar, agus tá **cistí soláthair leithdháilte cheana féin ag cuid acu ina bpleananna náisiúnta cumais**. Tá ranníocaíocht iomlán an Chiste Eorpaigh Cosanta mór agus leis sin áirithíodh leanúnachas láidir an tionscadail. **Tá coinne le conarthaí soláthair le haghaidh líon dédhigiteach soithí** agus tá méadú ag teacht ar spéis na mBallstát eile.

Ina theannta sin, thosaigh na chéad torthaí tionscadail **ag dul isteach i bhfórsaí armtha Bhallstáit den Aontas Eorpach agus tá difear á dhéanamh acu ar láthair an chatha**. Áirítear leis sin limistéir ríthábhachtacha amhail réitigh cogaíochta mianach mara, córais gan foireann nó cibearchosaint. Tá cuid de na teicneolaíochtaí a forbraíodh le tacaíocht ón Aontas Eorpach in úsáid cheana féin san Úcráin.

**Bosca an tionscadail: Toradh an tionscadail a chomhtháthú le cabhlaigh na mBallstát**
Réitigh nuálacha cogaíochta i mianaigh mhara chun oibríochtaí frithbheart mianach níos fearr, níos tapúla, níos sábháilte agus níos athléimní a bhaint amach: Forbraíodh dearadh, fréamhshamhaltú agus taispeáint córas ina bhfuil boscaí uirlisí uathrialacha gan foireann, ardáin chliste, braiteoirí agus a dtacaíocht chinnteoireachta, le tacaíocht ó thionscadail MIRICLE agus E=MCM agus comhtháthaíodh ar bord **aicme nua soithí frithbheart mianach arna soláthar go comhpháirteach ag cabhlaigh na hÍsiltíre agus na Beilge** (12 long a ordaíodh, agus poitéinseal ann d'oibreoirí eile). Tá sé beartaithe go rachaidh an chéad long den aicme i mbun seirbhíse le cabhlach na Beilge in 2025.

**Bosca an tionscadail: Torthaí an tionscadail a úsáidtear san Úcráin**
Tacaíonn tionscadal an Chlár Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta iMUGS le cumais uathrialacha an ardáin atá ann cheana a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar raon mór misean. Tá an t-ardán in úsáid go hoibríochtúil san Úcráin le haghaidh imréiteach log mianach, aslonnú taismeach, agus lóistíochta. Tá réitigh faireachais uathrialacha agus aitheanta bagairtí a forbraíodh faoin tionscadal AI4DEF á n-úsáid ag fórsaí armtha na hÚcráine.

## 3. AN CHOSAINT A CHLAOCHLÚ TRÍD AN NUÁLAÍOCHT: BUNTÁISTE IOMAÍOCH A CHOINNEÁIL

Chun leanúint de bheith iomaíoch, ní mór don Aontas Eorpach éiceachóras nuálaíochta cosanta a fhorbairt. Dá bhrí sin, thacaigh an Ciste Eorpach Cosanta go gníomhach le dlús a chur le claochlú na cosanta tríd an **nuálaíocht, lena n-áirítear i dteicneolaíochtaí suaiteacha**, faoi '**Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais'** (EUDIS). Agus buiséad foriomlán EUR 1.5 billiún aige go dtí 2027, i.e. thart ar 20 % de bhuiséad an Chiste Eorpaigh Cosanta, meastar go gcomhlánófar é le EUR 400-500 milliún ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha eile.

Áirítear ar bhearta Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) glaonna tiomnaithe neamhthéamacha T&F chomh maith le **sásraí nua a thabhairt isteach** amhail 'Tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe' le tacaíocht luathaithe i réimsí teicneolaíochta sonracha, sineirgí neartaithe idir taighde sibhialta agus cosanta arna chistiú ag an Aontas Eorpach, 'Dúshláin theicneolaíocha' agus tacaíocht do thaighde teicneolaíochta suaiteach ardriosca/ardtoraidh. Ina theannta sin, **forbraíodh sraith seirbhísí tacaíochta nuálacha de réir a chéile do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta.** Áirítear ann haiceatóin chosanta, cóitseáil ghnó, tacaíocht luathaithe, seirbhísí meaitseála, agus bunú Saoráide Cothromais Cosanta tríd an gCiste Eorpach Infheistíochta chun caipiteal a scaoileadh chun cuideachtaí dianchuideachtaí T&F a mhaoiniú.

Áirítear ar bhearta EUDIS freisin **glaonna de tháirgí altrama** ar thograí. Déanann siad teicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu ó T&F sibhialta arna gcistiú ag an Aontas Eorpach (e.g. Fís Eorpach) a ghiaráil, rud a chumasaíonn a n-oiriúnú d'fheidhmeanna cosanta. Go dtí seo, tugadh aghaidh le glaonna de tháirgí altrama an Chiste Eorpaigh Cosanta ar réimsí na gcibearchóras, na gcóras fuinnimh agus cumhachta, na n-ábhar ardfheidhmíochta, na gcomhpháirteanna leictreonacha, an spáis agus na gcóras uathrialach. An tráth céanna, áirithítear leis an gCiste Eorpach Cosanta sineirgí le **Clár Spáis an Aontais Eorpaigh**trí fhorbairt teicneolaíochtaí, táirgí agus cumas a chistiú lena mbainfear úsáid as seirbhísí arna soláthar ag comhpháirteanna Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh, lena gcomhlánófar na seirbhísí sin nó lena ndéanfar comhéadan leo. Ar an gcaoi chéanna, fuarthas amach go bhfuil sineirgí láidre ag níos mó ná 20 tionscadal de chuid **Fís Eorpach** leis an gcosaint. Ó 2024 i leith, chuir an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), trína Scéim Cistiúcháin Aistrithe – lena gcuidítear le haschuir thaighde a iompú ina gcruthúnas coincheapa agus tuilleadh – fáilte roimh thograí de tháirgí altrama a thógann go díreach ar thorthaí a ghintear leis an gCiste Eorpach Cosanta/leis an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta.

Leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus leis an dul chun cinn tapa teicneolaíoch, chomh maith leis na coigeartuithe ar rannchuidigh siad leo i réimsí forbartha cumais an Chiste Eorpaigh Cosanta, ardaíodh ionchais nach mór don **Chiste Eorpach Cosanta  próisis níos tapúla agus níos barainní a sholáthar freisin chun réitigh nuálacha chosanta a chomhtháthú**. Ba cheart deiseanna inrochtana a chruthú chun tacú le tionscadail lena soláthraítear réitigh thapa lena ndéantar macasamhail de rath shaolré na mear-nuálaíochta a forbraíodh san Úcráin, lena n-áirítear aiseolas leanúnach ón úsáideoir deiridh ar láthair an chatha (tástáil fíorshaoil). I bhfianaise chineál fadtéarmach na dtionscadal cosanta T&F faoin gCiste Eorpach Cosanta, tá deis á cailleadh ag éiceachóras nuálaíochta cosanta an Aontais Eorpaigh chun tairbhe a bhaint as an eolas atá ar thionscal na hÚcráine agus ar a fhórsaí armtha.

An tráth céanna, tá sé ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an gclár an chothromaíocht cheart a choinneáil agus a áirithiú go dtabharfaidh an Ciste Eorpach Cosanta aghaidh ar

riachtanais fhadtéarmacha T&F cosanta a bheidh ann amach anseo. Comhlánaíonn ionstraimí cosanta eile de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin, an Ionstraim chun Tionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA), agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach, fócas an Chiste Eorpaigh Cosanta trí aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí láithreacha agus ar riachtanais éigeandála. Mar a léirigh meitheal mhachnaimh: "**is clár fadtéarmach é an Ciste Eorpach Cosanta agus is maith an rud é go bhfanfadh sé chomh hábhartha céanna**."

## 4. TUAIRISCEÁIN SHOCHEACNAMAÍOCHA T&F COSANTA

Tá coinne leis go soláthróidh an Ciste Eorpach Cosanta luach soiléir ar airgead trí éifeachtaí móra dearfacha táirgiúlachta a ghiniúint don gheilleagar agus don tsochaí. Léirítear é sin le staidéar maicreacnamaíoch a rinne an tAirmheán Comhphháirteach Taighde[11]. Cé go bhfuil teorainneacha tábhachtacha os a chomhair mar gheall ar an gcéim luath de chur chun feidhme an chláir, tugann an staidéar léargas luachmhar ar na torthaí socheacnamaíocha a bhfuil coinne leo ón gciste. Réamh-mheastar go mbainfidh an Ciste Eorpach Cosanta tionchar uasta amach de mhéadú + 0,025 % ar OTI an Aontais Eorpaigh in 2030 i gcomparáid leis an gcás bunlíne gan an Ciste Eorpach Cosanta, a bhuí leis an meascán d'infheistíocht phríobháideach mhéadaithe agus táirgiúlacht na bhfachtóirí uile níos airde. Is ionann sin agus méadú uasta EUR 2,954 mhilliún ar OTI in 2030 agus cruthú 32,413 phost breise ar fud an Aontais Eorpaigh. Ós rud é go meastar go bhfostaíonn Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí thart ar 500,000 duine go díreach, léiríonn na sonraí sin tionchar láidir an Chiste Eorpaigh Cosanta ar an ngeilleagar. Ina theannta sin, d'fhéadfadh tairbhí **breise a bheith ann** do gheilleagar agus do thimpeallacht slándála an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar infheistíochtaí an Chiste Eorpaigh Cosanta. Neartaíonn idirghabháil an Chiste Eorpaigh Cosanta nuálaíocht agus iomaíochas thionscal an Aontais Eorpaigh, rud a chuireann deiseanna nua margaidh ar fáil, lena n-áirítear níos mó ná cosaint. Bíonn caiteachas T&F níos éifeachtúla mar thoradh air (níos lú bearnaí agus forluí, scála níos mó, níos mó rioscaí a bheith á nglacadh), lena n-áirítear caiteachas T&F níos éifeachtúla ó thaobh idir-inoibritheachta de, i gcomparáid le cineálacha cur chuige náisiúnta a d'fhéadfadh dúbláil a dhéanamh. Neartaíonn sé slándáil an Aontais Eorpaigh agus an tionchar atá aige ar an domhan, lena n-áirítear an tionchar maidir le caighdeáin a leagan síos. Leagadh béim ar éifeachtaí dearfacha socheacnamaíocha breise an Chiste Eorpaigh Cosanta le linn an chomhairliúcháin eatramhaigh i ndáil le meastóireacht. Chuir na páirtithe leasmhara i dtreis go bhfuil leibhéal uaillmhéine níos mó ann mar thoradh ar an gCiste Eorpach Cosanta ná mar a bheadh indéanta ar an leibhéal náisiúnta, agus é ina chúis le tionscadail a bhfuil acmhainneacht taighde níos mó acu nó lena mbaineann forbairt cumas mór nach mbeadh an tionscal cosanta in ann tabhairt fúthu murach é. Léirigh formhór an tionscail cosanta a ndeachthas i gcomhairle leo fás eagraíochtúil méadaithe a bhuí leis an gCiste Eorpach Cosanta. Thug ionadaithe ón tionscal cosanta dá n-aire go n-aimsíonn innealtóirí, eolaithe agus saineolaithe eile deiseanna oibre suimiúla trí thionscnaimh an Chiste Eorpaigh Cosanta lena dtugtar aghaidh ar ghné na scileanna.

## 5. SIMPLIÚ

De réir mar a thagann forbairt ar an gCiste Eorpach Cosanta, tá an Coimisiún tar éis na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhtháthú go leanúnach. Mar thoradh air sin, rinneadh **simpliú leanúnach** ar chur chun feidhme an chláir. Chuir na páirtithe leasmhara a ndeachthas

[11] *Measúnú tionchair maicreacnamaíoch RHOMOLO ar an gCiste Eorpach Cosanta 2021-2027* (*2025*), *JRC Sevilla*

i gcomhairle leo i dtreis feidhmiú rianúil an Chiste Eorpaigh Cosanta: ba é an ráiteas athfhillteach sna comhairliúcháin leis na tairbhithe go bhfuil an Ciste Eorpach Cosanta tar éis éirí ina chlár níos simplí chun iarratas a dhéanamh air agus oibriú leis mar go bhfuil cur amach níos fearr air anois thar na blianta. Tá sé sin bailí freisin nuair a chuirtear an Ciste Eorpach Cosanta i gcomparáid le cláir réamhtheachtacha toisc go bhfuil ceachtanna tarraingthe ag an gCoimisiún, ag na Ballstáit agus ag tairbhithe i dteannta a chéile agus go bhfuil cleachtais sheanbhunaithe acu a oibríonn go maith agus atá anois ina ngnáthamh.

I measc na bhfeabhsuithe suntasacha tá formáid chun iarratas a dhéanamh go hiomlán leictreonach chomh maith le bainistiú tionscadal a thabhairt isteach agus tacaíocht á fáil acu ó theimpléid shaincheaptha fhormáidithe chun gach gné de Rialachán an Chiste Eorpaigh Cosanta a láimhseáil i gcur chuige níos caighdeánaithe. Bliain i ndiaidh bliana, foilsítear cláir oibre an Chiste Eorpaigh Cosanta agus glaonna an Chiste Eorpaigh Cosanta níos luaithe, rud a thugann níos mó ama d’iarratasóirí tograí a ullmhú, tacaíocht riachtanach a fháil ó na Ballstáit agus iarratas a dhéanamh ar chistiú. Tá laghdú tagtha ar an am is gá chun na meastóireachtaí a dhéanamh, agus ar an iomlán, tá sé ráite ag formhór mór na dtairbhithe a ndeachthas i gcomhairle leo go bhfuil céim chur chun feidhme an tionscadail níos éifeachtúla leis an gCiste Eorpach Cosanta ná mar atá i gcláir réamhtheachtacha, agus nósanna imeachta feabhsaithe chomh maith le bearta simplithe ann.

Cé go bhfuil go leor déanta cheana féin chun cur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta a shimpliú, d’fhéadfaí feabhas a chur ar chúrsaí fós. Mar thoradh ar na comhairliúcháin sin, tá tuilleadh smaointe ann maidir le simpliú sa ghearrthéarma (lena n-áirítear tríd an Omnibus um Chosaint) agus san fhadtéarma.

## 6. CONCLÚID

Leis an gcomhthéacs straitéiseach atá ag dul in olcas go tapa, léiríodh nach clár é an Ciste Eorpach Cosanta ‘ba cheart’ a bheith ann ach gur clár é ‘nach mór’ a bheith ann, ós rud é gur gá níos mó infheistíochta a dhéanamh in T&F cosanta anois chun a áirithiú go ndéanfar cumais úrscothacha amach anseo a chur i gcrích in am. D’éirigh leis an gCiste Eorpach Cosanta T&F cosanta a thabhairt le chéile faoi chlár aonair, meántéarmach go fadtéarmach atá aitheanta go maith, rud a chuireann le tírdhreach T&F cosanta an Aontais atá comhleanúnach agus níos comhtháite.

Cé nach raibh am fós ag tionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta a dtorthaí agus a dtionchar iomlán a bhfuil coinne leo a bhaint amach go fóill, is léir cheana féin gur tháinig tacaíocht éifeachtach as an gciste ar feadh thimthriall iomlán an taighde agus na forbartha cumais agus gur spreag sé comhar láidir trasteorann, rud a d’fhág go raibh gnóthachain éifeachtúlachta ann.

I bhfianaise na ndúshlán suntasach airgeadais agus teicneolaíochta atá os comhair T&F cosanta, tá an gá le pleanáil ilbhliantúil níos straitéisí lena gcuirtear intuarthacht ar fáil don tionscal anois ina ghné thábhachtach do thodhchaí an chláir. Thairis sin, oibreoidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun nasc níos láidre a fhorbairt le soláthar (i gcás inarb ábhartha i gcomhpháirt) ag fórsaí armtha na mBallstát ar thorthaí agus ar thorthaí thionscadail an Chiste Eorpaigh Cosanta.

Tá na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhlianta roimhe seo comhtháite go leanúnach ag an gCiste Eorpach Cosanta. Mar thoradh air sin, rinneadh simpliú leanúnach ar chur chun feidhme an chláir, agus leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair i dtreo Ciste Eorpach Cosanta a bheidh níos simplí, níos áisiúla don úsáideoir agus a mbeidh tionchar níos mó aige.

Tá sé beartaithe go mbeidh ról ríthábhachtach ag na léargais agus na príomhchonclúidí ó mheastóireacht eatramhach an Chiste Eorpaigh Cosanta maidir leis na blianta atá fágtha de

chur chun feidhme an chiste a mhúnlú agus maidir le bonn eolais a chur faoi na cinntí beartais i ndáil le tionscnaimh T&F cosanta an Aontais Eorpaigh amach anseo.